Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026
(OR. en)

8848/26

ECOFIN 565
UEM 157
FIN 625
*EIB*
*ECB*

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Téarnamh eacnamaíoch san Eoraip; Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta don Bhulgáir<br>- Glacadh |

1. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú dearfach ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Bulgáire i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 8091/22 agus 8091/22 ADD1 é.

2. Leasaigh an Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite an 8 Nollaig 2023, an 18 Iúil 2025, agus an 27 Samhain 2025.

3. An 24 Aibreán 2026, rinne an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBulgáir.

4. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

5. I bhfianaise an mhéid sin, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 30 Aibreán 2026 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an phlean mheasúnaithe agus athléimneachta don Bhulgáir, mar a leagtar amach in 8816/26 agus 8816/26 ADD 1 a é.

6. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 26 Bealtaine 2026 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

7. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 8819/26 agus 8819/26 ADD 1.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:

(a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, mar a leagtar amach in 8819/26 é.

(b) Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, mar a leagtar amach in 8819/26 +ADD 1 é, agus

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.